Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 5

# Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 5, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d’ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €421,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Costais fhabhraithe ghinearálta dlí***

Ríomhtar costais fhabhraithe ghinearálta dlí  ach úsáid a bhaint as ceann amháin de na critéir seo a leanas:

- Fabhraítear billí costais a fuarthas roimh an 28 Feabhra den bhliain dár gcionn go hiomlán, is cuma an bhfuil siad aontaithe agus socraithe.
- Fabhraítear costais a dámhadh i gcás nach bhfuarthas an bille costas faoin 28 Feabhra bunaithe ar mheastachán ón oifigeach costas, agus castacht na n-imeachtaí agus fad an cháis á gcur san áireamh.

***Táillí fabhraithe ar chostais abhcóide***

Cuimsíonn táillí fabhraithe ar chostais abhcóide soláthar ginearálta d’éisteachtaí nár tuairiscíodh don Oifig laistigh de dhá mhí ó dheireadh na bliana. Tá an ríomh bunaithe ar mheánleibhéal na dtáillí sin a d’eascair sna trí bliana roimhe sin.

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Cheannaire Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnach seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo fhreagrachtaí i leith cheanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse a bhí ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Tá mé ag brath ar litir dearbhaithe a fuarthas ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm i dtaobh seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

***Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais, dá nochtar an Oifig, a hobair agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d’aidhm leis na pleananna sin na rialuithe buntábhachtacha a chuimsiú ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. Bíonn athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí á dhéanamh agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Oifig go mbíonn fócas iomchuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte taobh amuigh de chonradh amháin (níos mó ná €25,000), dar luach €96,795 san iomlán (gan CBL san áireamh); tá na sonraí leagtha amach thíos:

Dámhadh an conradh maidir le seirbhísí glantacháin faoi phróiseas iomaíoch, ach síneadh é níos faide ná dáta bunaidh an chonartha. Tar éis próiseas iomaíoch nua, socraíodh conradh nua in 2020.

Chuir an Oifig sonraí ar fáil maidir le conarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don Oifig agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár faoi dhó sa bhliain. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

I gclár na rioscaí, tugtar sonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a bhíonn riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh phróisis na monatóireachta ar rialuithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Deimhním go bhfuil rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh dá sonraítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Paindéim Covid-19***

Mar thoradh ar theacht phaindéim Covid-19 go luath in 2020, rinneadh roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus bhí ról mór ag an gcianobair agus ag an obair fhíorúil sa chaoi ar lean an Oifig ag comhlíonadh a feidhmeanna. Mar thoradh air sin, thug an Oifig roinnt athruithe nós imeachta agus rialaithe isteach. Rinne an bhainistíocht measúnú ar na rioscaí a bhaineann le Covid-19 don timpeallacht rialaithe agus don Oifig i gcoitinne. Rinne Coiste Iniúchóireachta na hOifige athbhreithniú ar na hathruithe a tugadh isteach agus déanann an Bord Bainistíochta monatóireacht orthu go rialta. Deimhním go leanann na rialuithe atá ann cheana agus na rialuithe a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 de bheith éifeachtach.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2020, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Barry Donoghue**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

31 Márta 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *An bonn faoi mo thuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### *Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile*

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meitheamh 2021

## Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Soláthar seirbhís ionchúisimh | 44,813 | 44,248 | 43,090 |
| **Ollchaiteachas** | | **44,813** | **44,248** | **43,090** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **845** | **701** | **895** |
| **Glanchaiteachas** | | **43,968** | **43,547** | **42,195** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **421,070** | **613,809** |

**Barry Donoghue**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

31 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas an chláir | | 25,098 | 25,152 |
| Pá | | 16,029 | 15,211 |
| Neamhphá | | 3,121 | 2,727 |
| **Ollchaiteachas** | | **44,248** | **43,090** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **701** | **895** |
| **Glanchaiteachas** | | **43,547** | **42,195** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (39) | | |
| Dímheas | 189 | 150 | 5 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | (1,488) | | |
| Laghdú ar stoc | 9 | | |
| | | (1,479) | 753 |
| **Caiteachas díreach** | | **42,218** | **42,953** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,069 | 2,638 |
| Measchíosanna | | 2,025 | 2,025 |
| **Glanchostas an chláir** | | **46,312** | **47,616** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 5 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 1,257 | 1,904 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 587 | 508 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 20 | 20 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 205 | 206 |
| | | **2,069** | **2,638** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 398 | 549 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 307 | 889 |
| Stoic | 2.3 | 153 | 162 |
| Réamhíocaíochtaí | | 213 | 161 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 382 | 405 |
| Iomlán na sócmhainní reatha | | 1,055 | 1,617 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.5 | 2,001 | 3,437 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 1,099 | 1,217 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.7 | (410) | 77 |
| Iomlán na ndliteanas reatha | | 2,690 | 4,731 |
| **Glandliteanais reatha** | | (1,635) | (3,114) |
| Glandliteanais | | (1,237) | (2,565) |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.8 | **(1,237)** | **(2,565)** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige €000 | Troscán agus feistis €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 3,575 | 582 | 4,157 |
| Breiseanna | 39 | — | 39 |
| Coigeartuithe [a] | — | (35) | (35) |
| Diúscairtí | (56) | (3) | (59) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 3,558 | 544 | 4,102 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir2020 | 3,093 | 515 | 3,608 |
| Dímheas don bhliain | 181 | 8 | 189 |
| Coigeartuithe [a] | — | (34) | (34) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (56) | (3) | (59) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 3,218 | 486 | 3,704 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig2020** | **340** | **58** | **398** |
| | | | |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 482 | 67 | 549 |

**Nóta** [a] Baineann an glanchoigeartú de €1,000 le ceartú breiseanna agus diúscairtí sna blianta roimhe seo. Léirítear é seo sa chuntas maoinithe stáit (féach Nóta 2.8).

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 283 | 888 |
| Iarmhéideanna i gcuntais bhainc eile | 24 | 1 |
| | **307** | **889** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 40 | 23 |
| Ábhar inchaite TF | 113 | 139 |
| | **153** | **162** |

## 2. Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna dochair eile | **382** | **405** |

## 2.5 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Táillí d'abhcóidí | 1,095 | 2,035 |
| Costais ghinearálta dlí | 829 | 1,313 |
| Costais eile | 77 | 89 |
| | **2,001** | **3,437** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 537 | 585 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 169 | 165 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 370 | 346 |
| Cáin bhreisluacha | 21 | 13 |
| | 1,097 | 1,109 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | — | 103 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 2 | 5 |
| | **1,099** | **1,217** |

## 2.7 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 421 | 614 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (831) | (537) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **(410)** | **77** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 307 | 889 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 382 | 405 |
| | 689 | 1,294 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,097) | (1,109) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (2) | (108) |
| | (1,099) | (1,217) |
| | | |
| | **(410)** | **77** |

## 2.8 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | (2,565) | (1,807) |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 43,968 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (421) | | |
| Glanvóta | | | 43,547 | 42,195 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 2,069 | 2,638 |
| Earraí eile (seachas airgead tirim) | 2.1 | | (1) | — |
| Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos | 1 | | 2,025 | 2,025 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (46,312) | (47,616) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **(1,237)** | **(2,565)** |

## 2.9 Ceangaltais

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **50** | **328** |

Chomh maith leis an méid thuas, bhí ceangaltais ar an Oifig maidir le táillí dlíthiúla ag deireadh na bliana ach tá sé deacair luach na gceangaltas sin a mheas go cruinn mar gheall ar neamhchinnteachtaí dúchasacha agus stádas na gcásanna atá amuigh.

## 2.10 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastacháin faoi dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana | **27** | **13** |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos san áireamh i gClár A, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 16,132 | 16,029 | 15,211 |
| ii | Taisteal agus cothú | 186 | 131 | 205 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,165 | 1,026 | 1,077 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 210 | 190 | 227 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 831 | 1,010 | 828 |
| vi | Costais áitribh oifige | 908 | 740 | 359 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 37 | 24 | 31 |
| | | **19,469** | **19,150** | **17,938** |

### Clár A Soláthar Seirbhís Ionchúisimh

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | 16,132 | 16,029 | 15,211 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 3,337 | 3,121 | 2,727 |
| A.3 | Táillí d’abhcóidí | 16,528 | 15,785 | 16,814 |
| A.4 | Costais ghinearálta dlí | 1,446 | 2,130 | 1,102 |
| A.5 | Seirbhís aturnaetha stáit áitiúla | 7,370 | 7,183 | 7,236 |
| | | **44,813** | **44,248** | **43,090** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 5% agus €100,000). Baineann an t-aon athrú os cionn 5% a taifeadadh in 2020 le méadú ar chostais ghinearálta dlí agus mínítear thíos é:

**A.4 Costais ghinearálta dlí**

*Soláthar meastacháin €1.446 milliún; toradh €2.13 milliún*

Bhí soláthar na bliana 2020 do chostais ghinearálta dlí bunaithe ar leibhéil chaiteachais a tabhaíodh sa dá bhliain roimhe sin. Mar gheall ar an bpaindéim, áfach, bhí níos mó ama ag roinnt gnólachtaí aturnae le caitheamh ar sheanchásanna costais a phróiseáil. Mar thoradh air sin tugadh níos mó cásanna costais chun críche in 2020 ná sa dá bhliain roimhe sin.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó asbhaintí aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 717 | 666 | 708 |
| 2 | Ilghnéitheach | 128 | 35 | 187 |
| | **Iomlán** | **845** | **701** | **895** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| **Coibhéisí Lánaimseartha** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **209** | **205** [a] |

**Nóta** [a] Tar éis athbhreithnithe, rinneadh athbhreithniú ar líon na foirne ag deireadh na bliana 2019.

## 5.2 Pá

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 14,623 | 13,863 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 113 | 156 |
| Ragobair | 1 | 6 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,292 | 1,186 |
| **Pá iomlán** | **16,029** | **15,211** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2020** | **2019** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 39 | 4 | 41,592 | 41,592 |
| Ragobair agus freastal breise | 2 | — | 506 | 1,537 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | — | — | — | — |

## 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €153,201 (2019: €151,382) i leith oifigeach amháin a bhí ag freastal taobh amuigh den Oifig in 2020 agus ar íocadh a thuarastal as fo-mhírcheann A.1.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 11 | 15,020 | 21,885 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 4 | 1,562 | 5,385 |